**Achomharc arna thabhairt an 12 Bealtaine 2022 ag airscreen company GmbH & Co. KG i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) a tugadh an 7 Márta 2022 i gCás T-382/21, the airscreen company GmbH & Co. KG v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-320/22 P)**

(2022/C 424/22)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* the airscreen company GmbH & Co. KG (ionadaithe: O. Spieker, D. Mienert agus J. Selbmann, Rechtsanwälte)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Moviescreens Rental GmbH

Le hordú an 28 Meán Fómhair 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár chóir ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh sí don achomharcóir a chostais féin a íoc.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Visoki trgovački sud Republike Hrvatske (an Chróit) a taisceadh an 16 Bealtaine 2022 – Centar za restrukturiranje i prodaju v PROM-VIDIJA d.o.o.**

**(Cás C-327/22)**

(2022/C 424/23)

*Teanga an cháis: an Chróitis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Visoki trgovački sud Republike Hrvatske

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Centar za restrukturiranje i prodaju

*Cosantóir:* PROM-VIDIJA d.o.o.

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaitear a mheas go bhfuil Airteagal 121 de Sudski poslovnik (Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna), agus treoracha Uachtarán an Visoki trgovački sud (an Chúirt Achomhairc Tráchtála) an 20 Eanáir 2022, lena dtoirmisctear cinntí na mbreithiúna a fhógairt mura gcloítear go hiomlán leis an ord ina ndéileáiltear le cásanna mar a leagtar amach sna treoracha sin é, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) CAE agus le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh?

---

**Achomharc arna thabhairt an 24 Bealtaine 2022 ag Anna Hrebenyuk i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Cúigiú Dlísheomra) a tugadh an 23 Márta 2022 i gCás T-252/21, Anna Hrebenyuk v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-338/22 P)**

(2022/C 424/24)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Anna Hrebenyuk (ionadaí: H.-J. Ruhl, Rechtsanwalt)